2024L219C3IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Ríomheolaíocht

## Tionscadal na hOibre Cúrsa – Treoir Achomair

## Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Am: 12 sheachtain

90 marc

## Eolas i gcomhair iarrthóirí

Is fiú 90 marc tionscadal na hoibre cúrsa, 30% d'iomlán na marcanna do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta. Tá an 210 marc eile (70%) ag gabháil leis an scrúdú deiridh. Déanfaidh tú an tionscadal thar thréimhse dhá sheachtain déag scoile, ag tosú **Dé Luain, 4 Nollaig 2023**. Ní mór an obair chúrsa a bheith críochnaithe faoi **Dé Máirt, 19 Márta 2024**. Cuirfidh tú an tuairisc i láthair mar shuíomh gréasáin ina mbeidh leathanach gréasáin amháin nó níos mó.

Chun an tionscadal a chur i gcrích tá ort déantán ríomhaireachtúil agus tuairisc ag gabháil leis a dhéanamh mar fhreagairt do threoir achomair. Is i riocht digiteach a chuirfidh tú isteach an tionscadal. Déanfaidh tú físeán agus/nó íomhánna den déantán agus é ag obair, agus déanfaidh tú sin a leabú i do thuairisc.

Cé go bhfuil cleachtadh agat ar thionscadail a dhéanamh i ngrúpaí do na *Tascanna Foghlama Feidhmí*, is tionscadal *aonair* é seo. Ní mór duit é a dhéanamh neamhspleách ar iarrthóirí eile, agus ní mór do chuid oibre féin gan chúnamh a bheith san obair a chuirfidh tú isteach.

Seachas d'iniúchadh agus do thaighde tosaigh, ní mór duit an tionscadal a dhéanamh ar scoil faoi mhaoirseacht do mhúinteora. Fágann sé sin go mbeidh do mhúinteoir in ann do chuid oibre a fhíordheimhniú do Choimisiún na Scrúduithe Stáit. De bhrí go bhfuil an obair ar siúl agat faoi mhaoirseacht an mhúinteora, is féidir leis an múinteoir a dhearbhú dúinne gurb í do chuid oibre féin í, agus nár thug duine ar bith aon chúnamh míchuí duit. Má bhíonn obair san áireamh agat nach ndearna an múinteoir maoirseacht uirthi, ní féidir leis/léi an obair sin a fhíordheimhniú, fiú má chreideann sé/sí le fírinne gur tú féin a rinne í. Ní féidir linn glacadh le hobair i gcomhair measúnú mura féidir le do mhúinteoir í a fhíordheimhniú, agus dá bhrí sin caillfidh tú na marcanna don obair thionscadail. Tabhair do d'aire freisin nach féidir linn páirtmharcanna a bhronnadh as obair atá 'fíordheimhnithe go páirteach'. Is é sin le rá, mura féidir le do mhúinteoir do chuid oibre *go léir* a fhíordheimhniú, ní féidir linn glacadh le *cuid ar bith* di i gcomhair na marcála.

Baineann an treoir achomair chéanna le hiarrthóirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil araon. Mar sin féin, ní gá duit cinneadh deiridh a dhéanamh faoin leibhéal atá á thógáil agat nuair atá do thionscadal á chur isteach agat. Déanfaimid do thionscadal a ghrádú de réir na gcaighdeán a bhaineann leis an leibhéal ar a ndéanfaidh tú an scrúdú deiridh.

Leagtar amach sa treoir achomair roinnt *bunriachtanas* agus *ardriachtanas* a bhaineann leis an déantán. Léirítear ar thaobh na láimhe clé den ghrafaic ar an gcéad leathanach eile conas atá na caighdeáin ar an dá leibhéal ailínithe le chéile. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, má ghnóthaíonn tionscadal grád 2 ar an nGnáthleibhéal go ngnóthódh sé grád 6 ar an Ardleibhéal gan aon agó. Is féidir leat a fheiceáil freisin má ghnóthaíonn aon tionscadal grád 4 nó níos fearr ar an Ardleibhéal go sásódh an tionscadal sin an caighdeán oibre is airde a mbeifí ag súil leis ar an nGnáthleibhéal. Dá réir sin, ghnóthódh tionscadal den cháilíocht sin lánmharcanna ar an nGnáthleibhéal gan ceist ar bith.

Ba chóir a thabhairt do d'aire gur féidir lánmharcanna a bhaint amach ar an nGnáthleibhéal ach tabhairt faoi na bunghnéithe amháin.

## Tréithe an Tionscadail Dhigitigh

| Ardghrád | Gnáthghrád | Tréithe an Tionscadail Dhigitigh | |
|---|---|---|---|
| 1, 2, 3, 4 | | Déileálann leis na bunghnéithe *agus* leis na hardghnéithe ar bhealach an-éifeachtach | Féach 'Leibhéal ard' gnóthachtála sa tábla de thuairisceoirí cáilíochta sna *Treoirlínte chun an Measúnú ar an Obair Chúrsa a Chur i gCrích* (CNCM) |
| 5, 6, 7 | 1, 2, 3 | Déileálann leis na bunghnéithe ar bhealach an-éifeachtach<br>*nó*<br>Déileálann leis na bunghnéithe ar bhealach éifeachtach *agus* freagraíonn méid áirithe do na hardghnéithe | Féach 'Leibhéal measartha' gnóthachtála sa tábla de thuairisceoirí cáilíochta sna *Treoirlínte chun an Measúnú ar an Obair Chúrsa a Chur i gCrích* (CNCM) |
| 8 | 4, 5, 6, 7, 8 | Déileálann go sásúil le roinnt de na bunghnéithe | Féach 'Leibhéal íseal' gnóthachtála sa tábla de thuairisceoirí cáilíochta sna *Treoirlínte chun an Measúnú ar an Obair Chúrsa a Chur i gCrích* (CNCM) |

# Treoir achomair don tionscadal

**Comhthéacs na Treorach Achoimre**

I saol an lae inniu, atá go mór faoi thionchar na teicneolaíochta, atá an-idirnasctha agus ag bogadh ar aghaidh go tapa, is minic a bhíonn ar dhaoine aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá níos casta agus níos deacra ná na dúshláin a bhí ag daoine san am atá thart. Mar sin, d'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil sláinte agus folláine an duine i sochaí an lae inniu níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh roimhe seo.

Dar le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais an Rialtais, tá iliomad gnéithe idirghaolmhara bainteach leis an bhfolláine, ina measc a bheith gníomhach, freagrach, ceangailte, acmhainneach agus feasach, agus go mbeadh meas agus tuiscint ar dhuine. Tá fíorthábhacht ag baint leis an bhfolláine mar tá sláinte iomlánaíoch an duine i gceist léi, sláinte choirp, sláinte mheabhrach agus sláinte mhothúchánach. Iarracht atá sa sainmhíniú seo ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gach a bhaineann leis an bhfolláine a chuimsiú.

> *Is ann d'fholláine an duine nuair a éiríonn leis/léi lán-acmhainn a bhaint amach, nuair a léiríonn sé/sí teacht aniar ag déileáil le gnáthstrus an tsaoil, nuair a thugann sé/sí aire don fholláine choirp agus go mothaíonn sé/sí go bhfuil cuspóir aige/aici, chomh maith le ceangal agus muintearas leis an bpobal i gcoitinne. Is staid athraitheach í seo agus ní mór í chothú ar feadh an tsaoil.*

**(an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), 2001)**

***Ríomheolaíocht agus an fholláine***

Is féidir leas a bhaint as an ríomheolaíocht agus ról lárnach a bheith aici i dtaca lenár bhfolláine ghinearálta a fheabhsú. Is féidir na torthaí foghlama a bhfuil cur síos orthu sna trí shnáithe den tSonraíocht do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta a úsáid chun réitigh phraiticiúla theicneolaíochta a chruthú ar fhadhbanna a bhaineann leis an bhfolláine. Seo thíos samplaí de réimsí a d'fhéadfaí a chlúdach le córais mar sin, ach gan a bheith teoranta dóibh sin:

- Monatóireacht ar shláinte
- Aclaíocht agus corpacmhainn
- Suaimhneas, aireachas
- Ár n-aistí bia a fheabhsú
- Ár hiodráitiú a fheabhsú
- Ár n-aird a fheabhsú
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán ár gcodlata nó é a fheabhsú
- Ár ngiúmar agus spreagadh a fheabhsú
- An t-am a chaitear ag féachaint ar scáileán a laghdú
- Imní agus strus a laghdú
- An claonadh chun moillithe a laghdú
- Mothúcháin dhiúltacha fúinn féin a laghdú

**Comhthéacs Breise**

Tá roinnt nasc anseo thíos le tuilleadh mioneolais a bhaineann le comhthéacs na treorach achoimre seo.  Níl an liosta seo eisiach ná uileghabhálach. Tá sé á thabhairt duit chun cuidiú leat le do chuid smaointe agus taighde féin. Is féidir go mbeidh cuid acu ina n-ábhar inspioráide sa tasc atá leagtha amach sa chéad chuid eile den cháipéis seo.

| | |
|---|---|
| Bailiúchán de chleachtaí treoraithe aireachais agus gníomhaíochtaí folláine do dhaoine óga. | https://www.walkinmyshoes.ie/young-people/resources |
| Deich gcinn de na haipeanna sláinte agus aclaíochta is mó a bhfuil tóir orthu in Éirinn. | https://evoke.ie/2021/01/26/wellness/these-are-the-top-10-most-popular-health-and-fitness-apps-in-ireland |
| Liosta d'aipeanna meabhairshláinte ó Jigsaw, an tIonad Náisiúnta Meabhairshláinte do Dhaoine Óga. | https://jigsaw.ie/mental-health-apps/ |
| Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas Keep Well léiriú do dhaoine de gach aois an tslí ar féidir linn aire a thabhairt dár sláinte choirp agus dár sláinte mheabhrach. | https://www.sportireland.ie/keepwell |
| Acmhainn a chruthaigh síceolaithe i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá cur síos ann ar réimse aipeanna meabhairshláinte do dhaoine óga. | https://www.ucd.ie/all/t4media/YMH_Apps_young_people.pdf |
| Spreagann Webwise daoine óga chun an t-idirlíon a úsáid ar bhealach neamhspleách, éifeachtach agus sábháilte. | https://www.webwise.ie/ |
| Liosta aipeanna maidir le sláinte mheabhrach a bhainistiú agus atá oiriúnach do leanaí agus do dhaoine óga. | https://www.sensationalkids.ie/good-health-apps-for-children-and-young-people/ |
| Réimse leathan aipeanna dírithe ar sheanóirí chun cabhrú leo idirghníomhú sóisialta a choinneáil, súil a choinneáil ar an tsláinte agus ar an bhfolláine, agus an intinn a ghéarú. | https://www.seniorlifestyle.com/resources/blog/top-8-mobile-apps-active-seniors/ |
| Meabhairshláinte Leanaí agus Daoine Óga sa Ré Dhigiteach - An tAm Amach Romhainn á Mhúnlú. | https://www.oecd.org/els/health-systems/Children-and-Young-People-Mental-Health-in-the-Digital-Age.pdf |
| Réimse gnéithe atá ar fáil ar ghléasanna iPhone a thacaíonn le sláinte choirp, sláinte mheabhrach agus an fholláine go ginearálta. | https://www.apple.com/ie/newsroom/2023/06/apple-provides-powerful-insights-into-new-areas-of-health/ |
| Réimse gnéithe atá ar fáil ar ghléasanna Android a thacaíonn le sláinte choirp, sláinte mheabhrach agus an fholláine go ginearálta. | https://www.android.com/digital-wellbeing/ |

**An tasc**
Ní mór duit cás a aithint don tionscadal seo ar féidir an ríomheolaíocht a chur i bhfeidhm air chun gné áirithe den tsláinte agus den fholláine i saol daoine a fheabhsú.

Go sonrach, ní mór duit an méid seo thíos a dhearadh agus a fhorbairt:
1. Córas leabaithe ar féidir é a úsáid chun gné éigin den fholláine a fheabhsú.
2. Samhaltán ríomhaireachta ar féidir é a úsáid chun léargais a thabhairt ar ghné éigin den fholláine.

Tá ciall an-leathan ag an bhfrása 'gné éigin den fholláine a fheabhsú'. Mar shampla, d'fhéadfaí é a thuiscint i gcomhthéacs sláinte choirp nó sláinte mheabhrach duine a fheabhsú ach d'fhéadfaí é a thuiscint freisin i gcomhthéacs athrú ar bith san iompar a d'fhéadfadh feabhas a chur ar shláinte choirp nó sláinte mheabhrach duine. D'fhéadfaí córas a úsáid chun tuilleadh rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí áirithe a spreagadh agus nósanna nua a chur chun cinn a fheabhsaíonn an tsláinte nó a spreagann athrú ar iompar.

D'fhéadfá an liosta thíos de 'leideanna chun an fholláine a fheabhsú' a úsáid chun roinnt smaointe a spreagadh, nó d'fhéadfadh do chuid taithí saoil féin smaointe a spreagadh – cibé acu a roghnóidh tú, tá sé tábhachtach díriú ar fhadhb nó ar cheist faoi leith ar mian leatsa dul i ngleic léi.

- Aclaíocht a dhéanamh go rialta e.g. siúl, rith, spóirt, giomnáisiam.
- Rudaí a dhéanamh chun cabhrú leat do scíth a ligean e.g. cleachtaí análaithe, aireachas, ióga.
- Aiste bia shláintiúil a choinneáil, hiodráitiú maith san áireamh
- Dóthain codlata a fháil
- Súil a choinneáil ar chomharthaí sláinte agus ar chomharthaí sóirt
- Cabhrú le daoine eile
- Buíochas a chur in iúl
- Rudaí a thaitníonn leat a dhéanamh
- Nascadh le daoine eile
- Rud éigin cruthaitheach a dhéanamh
- Rud nua a fhoghlaim
- Cabhair a iarraidh má bhíonn sí uait
- A bheith cineálta leat féin agus le daoine eile

**Na Bunriachtanais**
1. Córas leabaithe lán-uathoibrithe a chruthú a bhaineann úsáid as ionchuir dhigiteacha/analógacha agus aschuir dhigiteacha/analógacha chun tacú le téama na folláine.
2. Na sonraí a bhailítear ón gcóras leabaithe a bhailíochtú agus a stóráil.
3. Comhpháirt anailíse a chruthú ar féidir í a úsáid chun eolas áirithe a ríomh nó a thuar agus bonn eolais a chur faoi chinntí maidir leis an bhfolláine amach anseo.

**Na hArdriachtanais**
1. Cruthaigh samhaltán ríomhaireachta, ag úsáid Python agus/nó JavaScript, bunaithe ar thacar sonraí de shonraí folláine a chruthaigh tú féin go pearsanta nó ceann a fuair tú go seachtrach (tá moltaí ar an gcéad leathanach eile). D'fhéadfaí do thacar sonraí pearsanta a ghiniúint de láimh, le ríomhchlár nó leis an gcóras leabaithe. Ba chóir go mbeadh iliomad gnéithe tuairisciúla den fholláine sa tacar sonraí agus ba chóir go mbeadh an samhaltán in ann ar a laghad **dhá** cheist den chineál 'cad a tharlódh dá ndéanfaí a leithéid seo nó a leithéid siúd?' a fhreagairt. Beidh ortsa na ceisteanna sin a chumadh tú féin.

2. Ní mór do gach ceist den chineál 'cad a tharlódh dá ndéanfaí a leithéid seo nó a leithéid siúd' úsáid a bhaint as **trí** pharaiméadar bhailíochtaithe ar a laghad (ag baint úsáid as **dhá** chineál éagsúla sonraí ar a laghad) agus, bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil, léargais a thabhairt don úsáideoir maidir le gné áirithe dá chuid folláine.
3. Is féidir le húsáideoirí sonraí a fheiceáil i bhformáid ghrafaice ina léirítear eolas amhail an dul chun cinn atá déanta acu ag úsáid an chórais nó na torthaí maidir le 'cad a tharlódh dá ndéanfaí a leithéid seo nó a leithéid siúd?'.

***Naisc le tacair sonraí***

Is féidir tacar sonraí de do chuid féin a fhorbairt nó ceann a fháil ó stór ar líne amhail:

- https://www.who.int/data/gho/data/major-themes/health-and-well-being
- https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/hubs/p-wbhub/well-beinginformationhub/
- https://www.cso.ie/en/interactivezone/censusatschoolsreleases/censusatschool2022/
- https://www.kaggle.com/datasets/ydalat/lifestyle-and-wellbeing-data
- https://www.kaggle.com/datasets/shariful07/student-mental-health
- https://public.tableau.com/app/learn/sample-data
- https://data.gov.ie/

## Tuairisc ar an obair chúrsa – ábhar agus struchtúr

Ba cheart an tuairisc a chur i láthair mar shuíomh gréasáin agus í a bheith leagtha amach faoi na ceannlínte a bhfuil breac-chuntas orthu sna leathanaigh thíos. Ní bhronnfar marcanna as eolas nach gcuirtear i láthair faoin gceannteideal ábhartha.

Níor cheart go mbeadh níos mó ná 2500 focal sa tuairisc. Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil struchtúr na gcomhad i do dhéantán soiléir, ionas gur féidir leat tagairt go soiléir do chomhaid nó do ríomhchláir i do thuairisc.

### 1. An Treoir Achomair a Shásamh (400 focal ar a mhéad)

Tá ort físeán ina dtaispeántar an déantán ag oibriú a bheith san áireamh i do thuairisc agat. Níor chóir go mairfeadh an físeán níos mó ná cúig nóiméad agus níor chóir níos mó ná 1GB a bheith ann.

Ba chóir an físeán a úsáid le léiriú a dhéanamh ar an tslí a sásaíonn do dhéantán bunriachtanais agus/nó ardriachtanais na treorach achoimre. Ba chóir duit déileáil san fhíseán le gach riachtanas a thriail tú, agus an méid a bhain tú amach a léiriú.

Is féidir na ceisteanna ‘cad a tharlódh dá ndéanfaí a leithéid seo nó a leithéid siúd‘ a iniúchfaidh do shamhaltán a mhíniú sa chuid seo.

D’fhéadfadh sé gur mhaith leat cur síos gairid scríofa a chur sa tuairisc ina mbeidh íomhánna a léiríonn an chaoi a sásaíonn do dhéantán gach ceann de na riachtanais. Ní chaillfidh tú marcanna mura mbeidh téacs sa tuairisc agat más leor an físeán féin mar chur síos ar an tslí ar bhain tú amach gach ceann de na riachtanais.

### 2. An tIniúchadh (tuairim is 400 focal)

Sa chuid seo den tuairisc ba cheart duit fianaise ar do chuid taighde féin ar an treoir achomair théamach a léiriú, ar a n-áirítear taighde ar réitigh, ar chórais nó ar smaointe atá ann cheana féin agus atá ailínithe leis an treoir achomair. Mar phointe tosaigh, d’fhéadfá smaoineamh ar na URLanna a luaitear níos luaithe sa cháipéis seo a úsáid. Tabhair do d’aire, áfach, nach bhfuil an liosta sin eisiach ná uileghabhálach. Ba chóir na tagairtí go léir a chur san áireamh i gcuid na dtagairtí de do thuairisc.

Ba chóir duit roinnt taighde a dhéanamh, agallamh, suirbhé nó ceistneoir, cuir i gcás, le duine/daoine a d’fhéadfadh a bheith mar úsáideoir(í) deiridh, ionas go dtuigfidh tú go hiomlán na riachtanais atá aige/aici/acu.

### 3. An Plean agus an Dearadh (tuairim is 400 focal)

Ba chóir go mbeadh cur síos soiléir sa chuid seo den tuairisc ar dhearadh do thionscadail agus ar an tslí a sásófar na riachtanais atá leagtha amach sa treoir achomair agus riachtanais d’úsáideora/d’úsáideoirí deiridh.

Ba chóir go mbeadh sreabhchairt mhionsonraithe nó léaráid ailtireachta mhionsonraithe san áireamh agat a thabharfaidh forléargas ar an tslí a n-oibreoidh do chóras.
Ba chóir duit míniú a thabhairt ar gach teicneolaíocht a bhfuil sé i gceist agat í a úsáid agus ar an tslí a n-úsáidfear iad i do thionscadal. Ba chóir go mbeadh crua-earraí agus bogearraí san áireamh anseo.

## 4. An Cruthú (tuairim is 850 focal)

Ba chóir go mbeadh cuntas ar an dul chun cinn sa chuid seo ina dtugtar forléargas ar an bpróiseas forbartha. Moltar an cuntas seo ar an dul chun cinn a uasdátú gach seachtain nó gach coicís. Ba chóir go mbeadh na clocha míle is tábhachtaí ón tseachtain/ón gcoicís sin san áireamh. Tá sampla thíos den leagan amach a d'fhéadfadh a bheith ar sheachtain amháin den chuntas sin.

Seachtain 5:

- Scríobh mé an cód chun sonraí a bhailiú ón MicroBit, iad a ghlanadh agus a stóráil i gcomhad csv.
- Thástáil mé agus dheisigh mé an cód – ní ghlacfadh sé le luachanna snámha
- Chruthaigh mé an cód chun na sonraí a léamh ón mbunachar sonraí ar ais chuig an bpríomh-ríomhchlár.

Ba chóir duit roinnt tástála aonaid a rinne tú sa phróiseas forbartha a mhíniú agus sonraí a thabhairt fúithi.

Ba chóir duit míniú a thabhairt ar cheann de na fadhbanna a bhí agat le linn duit an déantán a fheidhmiú agus cur síos a dhéanamh ar an tslí ar sháraigh tú an fhadhb.

Ba chóir duit píosa tábhachtach den chód a dhear tú agus a chruthaigh tú a roghnú agus a mhíniú go soiléir. Ba chóir seat(anna) scáileáin den chód atá á lua agat a úsáid mar thacaíocht leis sin.

## 5. An Measúnú (tuairim is 450 focal)

Ba chóir duit an déantán deiridh a mheas i dtaca leis na riachtanais mar atá siad leagtha amach sa treoir achomair.

Ba chóir breithniú a dhéanamh ar an tslí ar shásaigh an tionscadal riachtanais an úsáideora/na n-úsáideoirí deiridh a luaigh tú i gcuid a dó den tuairisc.

Ba chóir duit a lua cén tslí a bhféadfaí an déantán a fheabhsú nó a atriail san am atá le teacht, agus ba chóir do chuid tuairimí a chosaint.

## 6. Tagairtí

Ní mór duit tagairt a dhéanamh do na foinsí taighde go léir a úsáideadh agus iad a admháil, amhail: foilseacháin, ar a n-áirítear leabhair, irisí gairmiúla agus tuarascálacha rialtais; foinsí ar líne agus cineálacha eile meán; cód foinseach; ábhar ar bith a gineadh ag baint úsáid as bogearraí nó feidhmchláir intleachta saorga (AI); agus ábhar ó shaineagraíochtaí agus ó dhaoine aonair cuí. Dá mbeadh ábhar den chineál sin san áireamh agat gan tagairt chuí don fhoinse, mheasfaí gur

bhradaíl a bheadh ann. Anuas air sin, má chóipeáiltear ábhar ó fhoinsí mar sin nó má dhéantar macasamhlú orthu, d'fhéadfaí sin a mheas mar bhradaíl freisin.

## 7. Achoimre ar líon na bhfocal

Ní mór achoimre ar líon na bhfocal i do thuairisc a bheith san áireamh agat. D'fhéadfaí sin a chur i láthair i bhfoirm tábla, mar a thaispeántar thíos, agus ba chóir go dtaispeánfaí líon na bhfocal i ngach cuid den tuairisc chomh maith le líon foriomlán na bhfocal.

| **Cuid** | **Líon na bhFocal** |
|---|---|
| 1. An Treoir Achomair a Shásamh | |
| 2. An tIniúchadh | |
| 3. An Plean agus an dearadh | |
| 4. An Cruthú | |
| 5. An Measúnú | |
| **Líon foriomlán na bhfocal:** | |

## Scéim marcála achomair

| *Obair chúrsa (90 marc san iomlán)* | |
|---|---|
| **1. An Tuairisc** | ***Marc*** |
| • An caighdeán a bhaineann le struchtúr agus leagan amach shuíomh na tuairisce.<br>• Fianaise gur cloíodh leis na prionsabail a bhaineann le dearadh maith comhéadain úsáideora agus an suíomh á chruthú. | **4** |
| **2. An Treoir Achomair a Shásamh** | |
| • Bunriachtanais na treorach achoimre a shásamh.<br>• Ardriachtanais na treorach achoimre a shásamh. | **24** |
| **3. An tIniúchadh** | |
| • Taighde ar chomhthéacs na treorach achoimre agus ar réitigh atá ann cheana.<br>• Taighde a dhéanamh le duine/daoine a d'fhéadfadh a bheith mar úsáideoir(í) chun a gcuid riachtanas a thuiscint. | **10** |
| **4. An Plean agus an dearadh** | |
| • Cur síos soiléir, mionsonraithe ar an tionscadal.<br>• Sreabhchairt/léaráid ailtireachta a léireoidh an tslí a n-oibreoidh an tionscadal.<br>• Cur síos ar na teicneolaíochtaí a úsáidfidh tú agus an ról a bheidh acu i do thionscadal. | **15** |
| **5. An Cruthú** | |
| • Cuntas ar an dul chun cinn lena n-áirítear na clocha míle is tábhachtaí i bpróiseas na forbartha.<br>• Míniú ar an tástáil aonaid a cuireadh i bhfeidhm le linn na forbartha.<br>• Míniú ar fhadhb a tháinig chun cinn le linn fhorbairt an tionscadail agus míniú ar an tslí ar sáraíodh an fhadhb.<br>• Míniú ar phíosa cóid a dhear agus a chruthaigh tú a bhí tábhachtach i bhforbairt an tionscadail. | **25** |
| **6. An Measúnú** | |
| • Measúnú ar do thionscadal bunaithe ar na riachtanais atá leagtha amach sa treoir achomair.<br>• Measúnú ar an tslí ar shásaigh do thionscadal riachtanais an úsáideora deiridh.<br>• Luaigh an tslí a gcuirfeá tuilleadh feabhais ar an tionscadal seo nó an tslí a ndéanfá é a atriail. | **12** |
| **Tagairtí agus achoimre ar líon na bhfocal** | |
| • Ní mór duit tagairtí agus/nó leabharliosta a chur san áireamh freisin.<br>• Cuir isteach achoimre ar líon na bhfocal sa tuairisc, líon foriomlán na bhfocal san áireamh. | **0** |

## Treoracha maidir leis an obair chúrsa a chur i gcrích agus a chur isteach


1. Ní mór an dá chomhphháirt seo thíos a bheith sa tionscadal ar an obair chúrsa a chuirfear isteach don mheasúnú:
   - Comhpháirteanna digiteacha an déantáin ríomhaireachtúil, na ríomhchláir ábhartha go léir sna teangacha atá leagtha síos san áireamh.
   - Tuairisc ar an obair chúrsa, a chuirfear isteach ar shuíomh gréasáin nach bhfuil níos mó ná 2500 focal ann, agus cur i láthair i bhfíseán nach maireann níos faide ná 5 nóiméad. Níor chóir níos mó ná méid 1GB a bheith san fhíseán. Is féidir é sin a bhaint amach go héasca má bhaintear leas as gnáthghléine (720 x 480) ar 25 fráma in aghaidh an tsoicind agus as formáid oiriúnach a úsáidtear go coitianta. Níor cheart go bhféadfaí daoine a aithint san fhíseán ach is féidir leat guthú a chur san áireamh chun na gnéithe de do dhéantán a mhíniú. Níor chóir an físeán a óstáil ar líne agus ní mór rochtain a bheith air taobh istigh den struchtúr comhad a bhfuil cur síos air thíos. D'fhéadfadh sé go ngearrfaí pionóis dá mbeadh níos mó ná líon foriomlán na bhfocal a cheadaítear ann nó dá mbeadh fad nó méid an fhíseáin níos mó ná mar a cheadaítear.

2. Is féidir cuid den taighde agus den iniúchadh a dhéanann tú don tionscadal agus a gcuireann tú síos orthu i gcuid a dó de do thuairisc 'An tIniúchadh', a chur i gcrích taobh amuigh d'am ranga. Ní mór, áfach, scríobh na tuairisce agus an obair go léir ar an déantán féin a dhéanamh sa rang faoi mhaoirseacht do mhúinteora ionas go mbeidh sé/sí in ann do chuid oibre a fhíordheimhniú.

3. Ní mór do thionscadal ar an obair chúrsa a shábháil i gcomhad comhbhrúite (zipeáilte) amháin (.zip). Cuirfear an tionscadal isteach tríd an Tairseach ar líne do Scoileanna. Eiseofar eolas faoi sin agus faoi choinbhinsiún ainmnithe an chomhaid zipeáilte roimh an dáta lena chur isteach.

4. Ní bheidh an córas leabaithe féin á chur isteach agat. Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfadh d'fhíseán léiriú iomlán a thabhairt ar an tslí a n-oibríonn do dhéantán.

5. Is é ba chóir a bheith sa chomhad zipeáilte (.zip) nuair a asbhaintear é ná fillteán ina bhfuil dhá fhofhillteán go díreach, mar atá sa léaráid thíos.



a. Ba cheart go dtabharfaí "Tuairisc" ar cheann amháin de na fofhillteáin seo agus ba cheart go mbeadh gach comhad a bhaineann leis an tuairisc ann. Ba cheart go bhféadfaí rochtain a fháil ar an tuairisc iomlán ach comhad ar a dtugtar "innéacs.html" a oscailt ar an mbarrleibhéal taobh istigh den fhillteán "Tuairisc". Is é sin, ba cheart go mbeadh ábhar iomlán na tuairisce sa chomhad seo nó go mbeadh rochtain air trí naisc le comhaid áitiúla ón taobh istigh den chomhad seo. Má tá aon chomhad tánaisteach ann, amhail comhaid html eile, stílbhileoga css, comhaid íomhá, agus mar sin de, ní mór dóibh a bheith san fhillteán "Tuairisc" freisin, ar an leibhéal céanna le hinnéacs.html nó taobh istigh de struchtúr fillteáin eile atá oiriúnach.

b. Ba cheart go dtabharfaí "Déantán" ar an bhfofhillteán eile agus ba cheart go mbeadh na comhpháirteanna digiteacha riachtanacha de do dhéantán ann. Ba cheart go gcuirfí struchtúr comhad do dhéantáin in iúl go soiléir. Mar shampla, má tá príomh-ríomhchlár ann, ar ríomhchlár maoirseachta é, as a ndéantar ríomhchláir eile a iompórtáil nó a ghairm, ba cheart an ríomhchlár sin a ainmniú go soiléir san fhofhillteán agus tagairt a dhéanamh dó sa chur síos sa tuairisc ar an obair chúrsa.

6. **Níor chóir** gur suíomh gréasáin ar líne a bheadh sa suíomh gréasáin seo (e.g. Suíomh Google, Wix, etc.). Ní mór é a shábháil mar chomhad HTML inrochtana sa struchtúr comhad a bhfuil curs síos air sa chuid seo. Caillfidh tú marcanna mura gcuireann tú do shuíomh gréasáin i láthair sa tslí seo.

7. Is **ortsa** atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil na hábhair leictreonacha go léir a chuirfear isteach saor ó víris, ionas gur féidir leis na scrúdaitheoirí na comhaid riachtanacha go léir a oscailt chun iad a mheasúnú, agus gur féidir an cód go léir a sholáthraítear a mheasúnú.

8. Ba cheart na sonraí agus an t-eolas go léir sa déantán a dhéanamh anaithnid agus ba cheart cloí leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Má úsáidtear teangacha ríomhchlárúcháin eile seachas Python agus JavaScript sa déantán, is féidir na comhaid sin a chur san fhofhillteán freisin. Ní féidir leat glacadh leis i gcásanna mar sin go mbeidh cleachtadh ag an scrúdaitheoir ar an teanga ríomhchlárúcháin atá i gceist, agus dá bhrí sin is ortsa atá an fhreagracht a cruinneas a léiriú.

9. Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil na comhaid go léir a theastaíonn sa chomhad zipeáilte sula gcuirfear isteach an obair. D'fhéadfadh sé go gcaillfeá marcanna má fhágtar comhaid riachtanacha ar lár. D'fhéadfá marcanna a chailleadh mura gcloítear leis an struchtúr comhad a bhfuil breac-chuntas air thuas, agus mura n-úsáidtear struchtúr comhad atá lipéadaithe go soiléir don déantán. Ní mór **cóip chúltaca** de na comhaid a chuirtear isteach a choinneáil i do scoil nó go mbeidh próiseas an mheasúnaithe críochnaithe.

**TÁBHACHTACH**

Tá sé fíorthábhachtach go seiceálfá an athuair gur féidir leis an scrúdaitheoir rochtain a fháil ar do dhéantán agus ar do thuairisc nó ní bhfaighidh tú creidiúint as an obair atá déanta agat. Má fhágtar gné ar leith de do thionscadal ar lár, an físeán cuir i gcás nó comhaid an déantáin nó an tuairisc, is féidir go gcaillfidh tú marcanna.

Nuair a bheidh an obair críochnaithe, cuir an tionscadal zipeáilte ar mheán inbhainte, agus tabhair chuig gléas é nár úsáideadh nuair a bhíothas ag obair ar aon chuid den tionscadal. Dícheangail an gléas sin ón idirlíon. Dízipeáil an tionscadal agus seiceáil go bhfuil an déantán, an tuairisc, na híomhánna, an físeán nó na físeáin agus na comhaid eile go léir ann agus go bhfuil na naisc go léir eatarthu ag obair i gceart.

## Fíordheimhniú

- Ní mór do chuid oibre féin a bheith sa tionscadal agus sa tuairisc – fíordheimhnithe agat féin, ag do mhúinteoir agus ag údarás bainistíochta do scoile. Is cuid thábhachtach é an fíordheimhniú den bhealach a gcinntímid, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, go bhfuil cothrom na Féinne i gceist do gach duine agus measúnú á dhéanamh ar obair chúrsa.

- Ní mór do do mhúinteoir maoirseacht a dhéanamh agus an tionscadal agus an leabhrán tuairisce á gcur i gcrích agat. Mura bhfuil do mhúinteoir in ann a dheimhniú gur leatsa an obair ar an tionscadal, agus go ndearna tú an tionscadal agus an tuairisc faoina m(h)aoirseacht, ní ghlacfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leo don mheasúnú. Sa chás sin, caillfidh tú na marcanna a bhaineann leis an gcuid seo den scrúdú. Tá múinteoirí agus údaráis na scoileanna ar an eolas maidir leis na riachtanais shonracha chun a dheimhniú go mbeidh an obair phraiticiúil agus thionscadail bailí chun críche an scrúdaithe. Ba cheart duit cloí go docht le gach iarratas a dhéanann an múinteoir agus an scoil ar mhaithe le fíordheimhniú do chuid oibre.

- Déanfar fiosrúchán iomlán i gcás ar bith ina bhfuil amhras maidir le cóipeáil, bradaíl (lena n-áirítear bogearraí intleachta saorga (AI) a úsáid), cúnamh míchuí, nó soláthar píosaí a d'ullmhaigh páirtí eile. Is sarú iad na gníomhaíochtaí sin ar rialacha an scrúdaithe agus cuirfear i bhfeidhm na pionóis mar a leagtar amach i Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna. I measc na bpionós tá siad seo a leanas: is féidir go gcaillfeadh iarrthóirí marcanna don obair chúrsa, go gcaillfidís an t-ábhar, go gcaillfidís an scrúdú iomlán i ngach ábhar, nó go gcrosfaí orthu na Scrúduithe Teistiméireachta a dhéanamh sna blianta amach anseo. D'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith i gceist do dhuine ar bith a thugann cúnamh míchuí duit, mar is cion é sin faoin Acht Oideachais 1998.

- Tá a thuilleadh eolais maidir le hobair chúrsa a fhíordheimhniú le fáil i gciorclán S76/22.

**Tabhair faoi deara:** Is orsta, an t-iarrthóir, atá an fhreagracht cloí le riachtanais an scrúdaithe. Mura gcloíonn tú leis na riachtanais, ní bheidh de rogha ag do mhúinteoir ná ag do scoil ach an scéal a chur faoi bhráid Chomisiún na Scrúduithe Stáit.